**Parlaimint na hEorpa**
2024-2029

*An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta*
*An Cathaoirleach*

3.10.2024

An tUasal Johan Van Overtveldt
Cathaoirleach
An Coiste um Buiséid
AN BHRUISÉIL

Ábhar: Tuairim ar an togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón mBeilg – CED/2024/001 BE/Match Smatch (2024/0226(BUD))

A Chathaoirligh, a chara,

Faoin nós imeachta dá dtagraítear thuas, tá iarrtha ar an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta tuairim a chur faoi bhráid do choiste agus chinn sé an tuairim a sheoladh i bhfoirm litreach.

Rinne an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta breithniú ar an ábhar ag a chruinniú an 3 Deireadh Fómhair 2024 agus chinn sé a iarraidh ar an gCoiste um Buiséid, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin.

Le dea-mhéin,

Li Andersson

## TUAIRIM

A. de bhrí, an 3 Meitheamh 2024, gur chuir an Bheilg isteach iarratas CED/2024/001 BE/Match-Smatch ar ranníocaíocht airgeadais ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED), tar éis na n-iomarcaíochtaí a rinneadh in ollmhargaí Match-Smatch (Match SA. agus Profi SA.) sa Bheilg; de bhrí, tar éis measúnú a dhéanamh ar an iarratas sin, gur tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, i gcomhréir leis na forálacha uile is infheidhme de Rialachán (EU) 2021/691 (an Rialachán CED), go gcomhlíontar na coinníollacha chun ranníocaíocht airgeadais a dhámhachtain ó CED; de bhrí gur chuir an Bheilg isteach iarratas faoi na critéar idirghabhála in Airteagal 4(2)(a) de Rialachán CED, lena gceanglaítear scor na ngníomhaíochtaí de 200 oibrí iomarcach ar a laghad thar thréimhse thagartha 4 mhí (sa cás seo ó 11 Nollaig 2023 go dtí an 11 Aibreán 2024) i bhfiontar i mBallstát, lena n-áirítear oibrithe iomarcacha i soláthraithe agus i dtáirgeoirí iartheachtacha agus/nó daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht;

B. de bhrí go mbaineann an t-iarratas le 513 oibrí iomarcacha (tairbhithe incháilithe) a raibh deireadh tagtha lena ngníomhaíocht in Match-Smatch (444 oibrí iomarcacha in Match-Smatch le linn na tréimhse tagartha agus 69 n-oibrí iomarcacha a raibh deireadh tagtha lena ngníomhaíocht roimh an tréimhse thagartha nó ina diaidh); de bhrí go bhfuil an fiontar sin ag oibriú san earnáil eacnamaíoch a aicmítear faoi rannán 47 d’Athbhreithniú 2 NACE (An trádáil miondíola, cé is moite de mhótarfheithiclí agus gluaisrothair); de bhrí go bhfuil na hiomarcaíochtaí lonnaithe den chuid is mó i réigiúin NUTS 2 Chúige Hainaut (BE32), Chúige Liège (BE33), agus Chúige Namur (BE35);

C. de bhrí gur ghlac an Coimisiún, an 16 Meán Fómhair 2024, togra le haghaidh cinneadh maidir le slógadh CED i bhfabhar na Beilge chun tacú le hath-imeascadh 365 tairbhí spriocdhírithe sa mhargadh saothair, i.e. oibrithe ar cuireadh ar iomarcaíocht iad mar thoradh ar dhúnadh ollmhargaí Match-Smatch sa Bheilg;

D. de bhrí go raibh staid eacnamaíoch dheacair os comhair Match-Smatch le roinnt blianta anuas; de bhrí gur dúnadh 15 shiopa agus bhí 140 iomarcaíocht ann mar thoradh ar an gcéad athstruchtúrú in 2019; de bhrí gur thuairiscigh Match-Smatch caillteanais EUR 11.9 milliún arís in 2021; de bhrí gur ghlac Match-Smatch le tairiscint Colruyt Group 57 gcinn de na 84 shiopa a fháil, agus foireann na siopaí (1 069 nduine) a thógáil ar láimh uaidh freisin, chun carnadh breise caillteanas a chosc; de bhrí gur tugadh ocht siopa breise do Carrefour, Delhaize, Intermarché agus Delfood; de bhrí nach bhféadfaí aon cheannaitheoir a fháil do na 339 bhfostaí sna 19 siopa, chomh maith leis na 174 fhostaí i gceanncheathrú Match-Smatch, bhí siad faoi réir nós imeachta comhchoiteann iomarcaíochta;

E. de bhrí go mbaineann iomarcaíochtaí Match-Smatch leis an mBeilg trí chéile; de bhrí, mar sin féin, go n-athraíonn tionchar críochach na n-iomarcaíochtaí de dhroim na ndifríochtaí idir margaí saothair Fhlóndras agus na Vallúine, agus ós rud é go bhfuil níos mó ná 70 % de na daoine a leagadh as a bpost comhchruinnithe sa Vallúin; de bhrí, in 2023, gur fhan an ráta dífhostaíochta le haghaidh na Beilge ina hiomláine ag 5.5 %, is é sin an leibhéal céanna a bhí ann in 2022; de bhrí, ar an leibhéal réigiúnach, gur tháinig méadú ar an dífhostaíocht ó 3.2 % go 3.4 % i bhFlóndras agus gur tháinig laghdú uirthi

ó 8.4 % go 8.2 % sa Vallúin, agus go bhfuil an difríocht de thart ar 5 phointe céatadáin (pp) sna rátaí dífhostaíochta fós ann; de bhrí, ag deireadh 2023, go raibh an ráta fostaíochta sa Vallúin (66.7 %) 10.3 % níos ísle ná mar a bhí i bhFlóndras agus thart ar 9 % níos ísle ná meán an Aontais;

F. de bhrí go ndearna an Bheilg iarratas ar chómhaoiniú CED chun tacú le hiar-oibrithe Match-Smatch a bhfuil cónaí orthu sa Vallúin, agus chun na críche sin amháin; de bhrí go measann údaráis réigiúnacha Fhlóndras nach gá an tacaíocht atá ar fáil d'iar-oibrithe Match-Smatch a bhfuil cónaí orthu i bhFlóndras a bhreisiú le cómhaoiniú de chuid an Aontais ó CED, i bhfianaise na staide maidir leis an margadh saothair réigiúnach;

G. de bhrí go bhfuil sé curtha in iúl ag an mBeilg go bhfuil an pacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe curtha i dtoll a chéile i gcomhairle leis na tairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu, lena n-ionadaithe agus lena gcomhpháirtithe sóisialta, i gcomhréir le hAirteagal 7(4) de Rialachán CED;

H. de bhrí nach sáróidh CED uasmhéid bliantúil de EUR 30 milliún (i bpraghsanna 2018), mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027;

dá bhrí sin, iarrann an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta ar an gCoiste um Buiséid, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a chomhtháthú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. ag meabhrú gurb é cuspóir CED dlúthpháirtíocht le tairbhithe a léiriú agus tacú leo; á mheas gur cheart ranníocaíochtaí airgeadais ó CED a dhíriú go príomha ar bhearta gníomhacha beartais maidir leis an margadh saothair agus ar sheirbhísí pearsantaithe arb é is aidhm dóibh tairbhithe a lánpháirtiú go mear i bhfostaíocht atá cuibhiúil agus inbhuanaithe laistigh nó lasmuigh dá n-earnáil gníomhaíochta tosaigh; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé oibrithe a ullmhú d'aistrithe glasa agus digiteacha gheilleagar agus shochaí na hEorpa, a bhfuil géarghá leo; ag athdhearbhú, sa chomhthéacs sin, an róil thábhachtaigh atá ag an Aontas, lena n-áirítear trí CED, maidir le rannchuidiú le maoiniú na gcáilíochtaí is gá don aistriú cóir i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip;

2. ag aontú leis an gCoimisiún go bhfuil na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 4(2), pointe (a), de Rialachán CED comhlíonta agus go bhfuil an Bheilg i dteideal EUR 2 661 564 de ranníocaíocht airgeadais a fháil faoin Rialachán sin, arb ionann í agus 85 % den chostas iomlán de EUR 3 131 252 (a chuimsíonn EUR 3 239 734 de chaiteachas ar sheirbhísí pearsantaithe agus EUR 770 018 de chaiteachas ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe);

3. á chur in iúl gur geal léi gur tháinig Seirbhís Réigiúnach Fostaíochta Poiblí agus Gairmoiliúna na Vallúine (Le Forem), ceardchumainn (FGTB agus CSC), agus comhpháirtithe eile le chéile roinnt uaireanta in 2024 chun tuiscint níos fearr a fháil ar riachtanais athoiliúna oibrithe agus é mar aidhm acu pacáiste fónta de bhearta saincheaptha a ullmhú chun tacú le hiarrachtaí oibrithe Makro filleadh ar an obair, go ndeachthas i gcomhairle freisin leis na comhairleoirí sóisialta a bhí in éineacht leis na

hoibrithe tar éis a ndífhostaithe, agus go raibh mar thoradh ar na cruinnithe sin pacáiste comhordaithe de bhearta CED a chomhlíonann Airteagal 7(4) de Rialachán CED;

4. ag tabhairt dá haire gurb iad airgeadóirí agus oibrithe trádstórais a bhfuil oideachas dara leibhéil nó níos ísle acu i bhformhór lucht saothair Match-Smatch, cé gur chuir an ghéarchéim eacnamaíoch arb í paindéim COVID-19 ba chúis léi dlús leis an éileamh ar oibrithe níos cáilithe i margadh saothair na Beilge, rud a fhágann go bhfuil sé níos deacra d’iar-oibrithe Match-Smatch ath-imeascadh san fhostaíocht; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go bhfuil thart ar leath d’oibrithe iomarcacha Match-Smatch (46 %) caoga bliain d’aois nó níos sine agus go bhfuil an staid do chuardaitheoirí poist níos sine níos deacra sa Bheilg, go háirithe i margadh saothair na Vallúine, áit arb ionann iad agus 25 % de na cuardaitheoirí poist iomlána amhail ó mhí an Mhárta 2024;

5. á chur i bhfáth, maidir leis na bearta a gheobhaidh tacaíocht ó CED, gur dheimhnigh an Bheilg nach bhfaighidh siad aon ranníocaíochtaí airgeadais ó ionstraimí airgeadais eile de chuid an Aontais;

6. ag tabhairt dá haire gurb é atá sna seirbhísí pearsantaithe atá le soláthar do na hoibrithe ná na bearta seo a leanas: (a) seirbhísí faisnéise, cúnamh gairmthreorach agus cúnamh socrúcháin sheachtraigh, (b) oiliúint, athoiliúint agus gairmoiliúint, (c) tacaíocht maidir le gnólacht a chruthú, (d) ranníocaíocht chun gnó a chruthú, agus (e) dreasachtaí agus liúntais (liúntas um chuardach poist agus liúntas oiliúna, bónas chun scileanna TF a fheabhsú, bónas chun scileanna teanga a fheabhsú, liúntas um fhilleadh ar scoil, liúntas chun gnólacht a chruthú, dreasachtaí fostaíochta d’fhiontair a bhfuil iar-oibrithe Match-Smatch atá 50 bliain d’aois nó níos sine á n-earcú acu); á chur in iúl gur geal léi, go háirithe, go n-áirítear bearta chun tacú le scileanna TF a fheabhsú agus filleadh ar an oideachas i bhfianaise aois agus phróifíl oideachais na dtairbhithe spriocdhírithe agus á chur i bhfáth gur cheart riachtanais shonracha na ngrúpaí sin a chur san áireamh agus seirbhísí pearsantaithe á soláthar;

7. á chur i bhfáth go háirithe a thábhachtaí atá Airteagal 7.2 de Rialachán CED, lena gceanglaítear go mbeidh pacáiste comhordaithe ann chun na peirspictíochtaí agus na scileanna riachtanacha sa mhargadh saothair amach anseo a réamh-mheas, ar nithe iad atá i gcomhréir leis an aistriú i dtreo geilleagar atá inbhuanaithe agus éifeachtúil ó thaobh acmhainní de agus lena ndíreofar go háirithe ar leathadh na scileanna a theastaíonn sa ré dhigiteach thionsclaíoch; á thabhairt chun suntais go n-áirítear ar an oiliúint atá beartaithe modúl maidir leis an ngeilleagar ciorclach agus úsáid éifeachtúil acmhainní nach bhfuil buiséad déanta ina leith sa togra seo toisc gur forbraíodh é roimhe seo d’iar-oibrithe Swissport (EGF/2020/005 BE/Swissport), agus atá anois ina chuid de thairiscint oiliúna caighdeánach Le Forem atá cómhaoinithe ag CSE+; á chur in iúl gur geal léi úsáid éifeachtaí sineirge agus úsáid fhreagrach acmhainní CED sa chomhthéacs sin;

8. ag meabhrú na féidearthachta atá ann le haghaidh bearta speisialta a bhfuil teorainn ama leo laistigh den phacáiste comhordaithe lena n-áirítear, *inter alia*, liúntais cúraim leanaí a íoc, mar a fhoráiltear in Airteagal 7.2 b de Rialachán CED, chun rannpháirtíocht cuardaitheoirí poist sna gníomhaíochtaí atá beartaithe a éascú.